emcdda.europa.eu

Drugaí i bhfócas 21

Bileog faisnéise ón Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí

ISSN 1725-4442

Úsáid Khat san Eoraip: impleachtaí maidir le beartas na hEorpa

Saothraítear duilleoga khat in ardchríoch Chorn na hAfraice agus feadh chósta na hAfraice Thoir. Tá duilleoga khat á gcogaint i gcodanna den Chéinia, den tSomáil agus den Éimin leis na céadta bliain mar gheall ar a n-airíonna spreagthacha agus is cuid rialta den saol sóisialta iad do mhórán daoine. Go traidisiúnta, bhain fir úsáid as khat go príomha le linn coisirí comhchoiteanna ard-deasghnáthacha, ar a tugadh 'cóisirí khat'. Laistigh de thart ar uair amháin, bíonn floscadh fiseolaíoch agus eofóiria ar an úsáideoir. Leantar é seo le céim níos ciúine agus níos indírithe a ghéilleann do 'theacht anuas' céimseach, a bhféadfaidh corrthónacht, greannaitheacht agus lionn dubh a bheith áirithe ann. Go tradisiúnta, tharla patrúin tomhaltais a bhí comhtháite go cultúrtha in aice le réigiúin táirgthe, ag spreagadh léirithe ealaíone ó thaobh ailtireachta, lámhcheirde, filíochta agus amhrán de. Ó dheireadh na 19ú aoise, osclaíodh margaí khat nua mar gheall ar fheabhsuithe leanúnacha a cuireadh ar an mbonneagar iompair. Níos déanaí, bhí baint ag ollimirce daoine ó Chorn na hAfraice le leathadh na húsáide khat go tíortha comharsanachta, an Eoraip agus an chuid eile den domhain. Is gnáth do phatrúin tomhaltais chomhaimseartha a bheith níos neamhfhoirmiúla agus is féidir leo a bheith níos iomarcaí. Tá seans ann go mbaineann sé seo le laghdú na dtosca cultúrtha cosantacha a chabhraigh chun úsáid a rialú roimhe sin. Níl slánfhigiúirí ann maidir le húsáideoirí khat ar scála domhanda, ach meastar go bhfuil suas le 20 milliúin úsáideoirí ann.

Úsáidtear khat go comónta i measc na bpobal imirceach a thagann ón Afraic fho-Shahárach ach déantar neamhaird air chomh maith. Caithfimid a chinntiú go bhfuil fios ag daoine a oibríonn leis na pobail seo go bhfuil gá ann sainaithint a dhéanamh ar agus freagairt d'iarmhairtí diúltacha ar féidir teacht as úsáid na substainte seo.

An Dr João Goulão, Cathaoirleach Bhord Bainistíochta an EMCDDA

Sainmhíniú

Tagraíonn khat do dhuilleoga agus do phéacáin óga agus mhaotha de chuid an chrainn khat (Catha edulis. Tá go leor ainmneacha ag khat lena n-áirítear 'qat' (Éimin), 'jad' nó 'chad' (an Aetóip, an tSomáil), 'miraa' (an Cheinia) nó 'marungi' (Uganda, Ruanda). Coimeádtar agus cognaítear na duilleoga boga agus na gais mhaotha i mburla teann i bpóca an leicinn.

Sracfhéachaint ar na buncheisteanna

1. Tá substaintí spreagthacha i khat ina bhfuil airíonna de chineál amfataimín iontu. Agus iad ina bhfoirmeacha fíorghlana, tá na substaintí rialaithe go hidirnáisiúnta, ach níl na duilleoga rialaithe.

2. Rialaítear khat i roinnt tíortha san Eoraip ach ní rialaítear é i ngach tír. Mar thoradh air seo, tá líonraí iompair dlisteanacha agus coiriúla ann. Cé go bhfuil teorainn le sonraí ar thrádáil, úsáid agus urghabhálacha idirnáisiúnta, tugann siad le tuiscint go bhfuil an margadh khat san AE ag dul i méid.

3. Is inimircigh den chéad ghlúin ón Afraic fho-Shahárach a thógann khat den chuid is mó agus is beag an fhianaise atá ann go bhfuil aistriú go pobail eile. Tá teorainn le heolas faoi leitheadúlacht, patrúin tomhaltais agus iarmhairtí na húsáide. Is féidir le róthomhaltas a bheith ina chúis le handúil. Is féidir leis a bheith ina chúis freisin le guaiseacha sómacha agus meabhairshláinte i ndaoine aonair a bheadh folláin ar dhóigh eile. Is dóchúil go bhféadfadh daoine le neamhoird mheabhracha a bhí ann roimhe sin a bheith fíorleochaileach.

4. Is ábhar conspóideach é khat i measc na ngúpaí inimircigh. Áitíonn roinnt daoine go dtugann sé tacaíocht do chomhtháthú cultúrtha, cé go n-áitíonn daoine eile ar fhorais reiligiúnacha agus shóisialta. Tá easpa sonraí taighde ann faoi láthair ar iarmhairtí socheacnamaíocha na húsáide khat.

5. Le linn na tríocha bliana deireanacha, tá khat tagtha chun bheith mar phríomhfhoinse d'fhostaíocht agus d'ioncam i dtíortha táirgthe timpeall Chorn na hAfraice.

1. Cógaseolaíocht khat

Cuimsíonn na hoibreáin shícighníomhacha atá i nduilleoga khat 'cathinone' (aminopropiophenone), 'cathine' (norpseudoephedrine) agus 'norephedrine', ach den chuid is mó tá stáidéar fós le déanamh ar raon iomlán na gcomhdhúile. Tá cosúlacht ag cathinone le hamfataimín ó thaobh an struchtúir cheimicigh de mar aon le héifeachtaí bithcheimiceacha agus iompraíochta ach tá leath na tualainge aige. De ghnáth, cognaítear 100-300 g duilleog khat ar feadh trí go sé uair an chloig. D'fhéadfadh inneachar cathinone difriú ó 30-200 mg in aghaidh 100 g de dhuilleoga úra; úsctar suas le 90% den cathinone trí chogaint. Freagraíonn é seo do dháileog íseal go meándáileog d'amfataimín ach sriantar an dáileog charnach agus na leibhéil bhuaicphlasma le modh mall agus trom na hionghabhála. Is fearr na duilleoga úra khat os rud é go bhfuil cathinone an-éagobhsaí agus go ndianscaoileann sé laistigh de 72 uair i ndiaidh bainte. Is substaintí rialaithe faoin Choinbhinsiún Idirnáisiúnta na nDrugaí Síceatrópacha (1971) iad cathinone, cathine agus cuid eile de na ndíorthaigh a tháirgtear go sintéiseach (m.sh. methcathinone) ach ní substaintí rialaithe iad duilleoga khat. Rinneadh roinnt iarrachtaí chun khat a áireamh ar an sceidealú idirnáisiúnta, ach baineadh de thátal as léirmheas cuimsitheach a d'eisigh Coiste Saineolaithe ar Andúil i nDrugaí de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte go bhfuil easpa fianaise ann chun é sin a dhéanamh.

2. Staid dlí agus trádáil khat san Eoraip

Is léir ó na sonraí is déanaí atá ar fáil gur forchuireadh rialuithe ar khat mar dhruga neamhdhlíthiúil i 15 Ballstát san AE agus san Iorua (féach an léarscáil). Os a choinne sin, tá an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe tar éis córas laissez-faire a ghlacadh agus ceadaítear leis an gcóras seo khat a allmhairiú, a thrádáil agus a úsáid mar tháirgeadh glasraí. Le déanaí, mhol Comhairle Chomhairleach um Mí-Úsáid Drugaí na Ríochta Aontaithe agus saineolaithe san Ísiltír an status quo dlíthiúil a choimeád. Ní rialaítear stádas khat sna 10 Ballstát eile.

Níl aon eolas iontaofa maidir le hallmhairí khat isteach san AE nó maidir le sreabha khat laistigh den Eoraip. Is iad Londain, áit a mheastar go n-allmhairítear 300 tonna khat in aghaidh na bliana ó Chéinia agus ón Aetóip go príomha, agus Amstardam an dá phríomhphointe isteach. Tá beagnach dúbailt tar éis teacht ar urghabhálacha khat le cúig bliana anuas i roinnt tíortha. Mar shampla, gabhadh 20 tonna khat sa Ghearmáin agus 11 tonna khat sa tSualainn sa bhliain 2008 amháin, fad is a gabhadh ocht dtonna san Iorua sa bhliain 2007. Tá na méideanna a urghabhtar ar na bóithre ceangail idir an Ísiltír agus an Chríoch Lochlann ag dul i méid. Urghabhadh khat ar eitiltí chuig Meiriceá Thuaidh, a chuireann i bhfios go bhfuil an AE ag feidhmiú mar phointe idirthurais go ceannphointí eile.

3. Úsáid Khat san Eoraip

Laistigh den AE, tá úsáid khat teoranta d'inimircigh ó na tíortha mórtimpeall ar Chorn na hAfraice. Uaireanta bíonn an planda ar fáil tríd an trádáil mhéadaithe bunaithe ar an Idirlíon trí mheán 'siabhrán luibhe' atá ag méadú i gcónaí, ach tá fíortheorainn le scála na húsáide lasmuigh de phobail inimirceacha. Rinneadh stáidéir ar úsáid khat sa Danmhairg, sa Ghearmáin, sa Spáinn, san Iodáil, sa tSualainn, sa Ríocht Aontaithe agus san Iorua agus tugadh mionchuntas ar úsáid i measc na bpobal Somálach agus Éimineach. Níl stáidéar Eorpach mar bhonn láidir chun meastachán a dhéanamh ar rátaí leitheadúlachta, ach is féidir leo léargas a thabhairt ar phatrúin úsáide. Go tipiciúil, tuairiscíonn stáidéar go bhfuil léibhéil úsáide reatha réasúnta ard (34-67 %) agus go bhfuil suas le 10 % acu ina n-úsáideoirí laethúla agus go gcomhlíonann an chuid is mó acu an critéir maidir le handúil. Tá easnamh mór eolais ann fós maidir leis an ábhar seo agus níl mórán eolais ann maidir le hiarmhairtí sóisialta agus sláinte. Tá roinnt fianaise ann go bhfuil turasóireacht khat ag tarlú agus, mar shampla, go bhfuil Somálaigh ón gCríoch Lochlann agus cuairteoirí ón Meánoirthear ag tógáil khat i Londain.

Tugann sonraí taighde le tuiscint go bhfuil deighilt glúine ag teacht chun cinn maidir le patrúin tomhaltais. Ghnóthaigh an chuid is mó de na daoine a chognaíonn khat a nós roimh theacht go dtí an Eoraip. Níl úsáid khat chomh coitianta i measc na n-imirceach den dara glúin. Is toisc thábhachtach í seo nuair a thógtar an cumas atá ann i ndáil le hidirleathadh sa todhcaí san áireamh, ar cosúil go mbeidh tionchar ag líon na n-imirceach fireannach den chéad ghlúin ó thíortha ina thomhlaítear khat atá sa daonra air.

© Mara Truog

Duilleoga khat

San Ísiltír agus sa Ríocht Aontaithe, tíortha ina bhfuil khat mar earra dlíthiúil, tarlaíonn tomhaltas khat i gcaiféanna 'mafrish' de ghnáth a fheidhmíonn mar lárionaid shóisialta ina bhfuil bia, deoch, teilifís agus khat ar fáil. Cuireann caiféanna mafrish deis ar fáil chun eolas a mhalartú, a bheith coimeádta ar an eolas faoi nuacht ó thíortha tionscnaimh agus do ghníomhachtaí pobail eile. D'fhéadfaí hallaí pobail nó árasáin phríobháideacha a úsáid do sheisiúin khat freisin. Is féidir khat a cheannach ó shiopaí torthaí agus glasraí, ó shiopaí áise agus fiú ó bhothanna nuachtáin. I gcodarsnacht, sa tSualainn leanann díolacháin khat trádáil drugaí eile agus tarlaíonn sé ar imeall spásanna poiblí mar charrchlóis. I rith an gheimhridh, ligtear tithe príobháideacha ar cíos le haghaidh seisiún coganta, fad is a bhaintear úsáid as páirceanna poiblí i rith an tsamhraidh. Tá impleachtaí ag baint le sainiúlacht chultúrtha khat maidir le póilíneacht agus is é an toradh atá air seo ná go mbíonn caidrimh idir na pobail inimirceacha agus na póilíní faoi straidhn i roinnt tíortha de bharr forfheidhmithe docht.

4. Iarmhairtí sláinte na húsáide khat

Tá baint ag líon mór fadhbanna meabhairshláinte agus sómacha le húsáid khat. Níl taighde ar khat ach ag tús a

fhorbartha, áfach, agus mar sin is beag faisnéis láidir atá ann ar an ábhar. Ní mheastar go hiondúil go bhfuil úsáid mheasartha khat díobhálach. De ghnáth, baineann éifeachtaí díobhálacha, cosúil le riochtaí síocóiseacha a spreagtar le úsáid khat, le húsáid iomarcach. Is beag an tuiscint atá go fóill ar chumas andúile an druga agus cé go ndealraíonn sé go bhfuil andúil fhoriomlán réasúnta séimh i gcomparáid le roinnt substaintí sícighníomhacha eile, léiríonn roinnt úsáideoirí patrúin éigníocha tomhaltais atá cosúil leo sin feicthe inandúiligh spreagthacha. Tá fianaise ann atá ag méadú i gcónaí gur féidir le khat fadhbanna meabhairshláinte a bhí ann roimhe sin a chur in olcas, mar aon le tús a chur le síocóis agus iompraíocht ionsaitheach, go háirithe i ndaoine aonair a bhíonn tugtha d'iompraíocht den sórt sin. Tuairiscíodh go mbaineann úsáid ainsealach khat le fadhbanna tromchúiseacha sláinte. Ach is minic go mbíonn sé deacair iarmhairt choibhneasta an drúga féin a chinneadh maidir le tosca riosca eile a d'fhéadfaidh a bheith bainteach le tomhaltas, ar nós caitheamh tobac, aiste bia lag nó an iarmhair ó lotnaidicídí. Is iad na nithe seo a leanas na hiarmhairtí diúltacha sómacha a bhaineann le khat: fadhbanna múcóis, hipirtheannas, aimhréidhe cardashoithíocha, othrais dúidéineacha, mífheidhmiú gnéasach, tocsaineacht heipiteach agus meáchan breithe laghdaithe ag naonáin a rugadh do mháithreacha a chognaíonn khat. Ach, den chuid is mó ní féidir ráitis chúisíochta a bhaint as an bhfianaise. Ar an dóigh chéanna, ní rinneadh aon mhionstáidéar ar an argóint go bhféadfadh úsáidí míochaineacha a bheith le khat. An méad atá soiléar ná nach bhfuil mórán eolais ar na fadhbanna sláinte a bhféadfadh a bheith ag baint le húsáid an druga ag gairmithe cúraim sláinte a d'fhéadfaidh a bheith ag cur córa leighis ar dhaoine den phobail inimirceach.

5. An díospóireacht maidir le khat san Eoraip

Ó ré na coilíneachta, mheas Eorpaigh go raibh éifeachtaí diúltacha ag baint le húsáid khat maidir le sláinte agus táirgiúlacht. Ábhar imní breise a thángthas chun solais i ndiaidh theacht an druga go tíortha na hEorpa ná go bhféadfadh úsáid an druga a leathadh ó ghrúpaí inimirceacha isteach sa phobal i gcoitinne. Laistigh de phobail inimirceacha san Eoraip, tá khat tagtha chun bheith ina shaincheist chonspóideach agus measann go leor daoine gur cuid dá n-oidhreacht chultúrtha é cé go n-áitíonn daoine eile ar fhorais reiligiúnacha. Cé go bhfuil khat á cheadú do scoláirí Ioslamacha leis na céadta, tá atmaisféar éadulaingte i ndáil leis an nós seo forbartha i roinnt scoileanna smaointeoireachta anois mar gheall ar éirí an bhunúsaíochais Ioslamaigh. D'eagraigh feachtasóirí ENR agóidí i gcoinne khat freisin agus cuireann na feachtasóirí sin raon fadhbanna sóisialta i leith a ghnáthúsáide i measc fear. Tá sé deacair an cheist seo a chainníochtú. Níl sé soiléar, ó thaobh na heolaíochta agus na sonraí atá ar fáil faoi láthair, a mhéid is a bhaineann cliseadh teaghlaigh, ardleibhéil dífhostaíochta, drochghnóthachtáil oideachais agus aonrú le húsáid khat féin nó an dtagann siad ó leochaileacht struchtúrach na bpobal inimirceach atá leochaileach agus faoi mhíbuntáiste.

6. Borradh agus forbairt gheilleagrach i gcrios khat

Tharla go raibh forleathnú tobann ar mhargaí intíre agus onnmhairíochta le roinnt blianta anuas do tháirgeoirí khat san Aetóip, sa Chéinia agus in Éiminn. Sna blianta 2003/4, measadh gur 15% de thuilleamh onnmhairíochta na hAetóipe ba iad onnmhairí khat – tuairim is USD 413 milliún idir 1990 agus 2004 – agus mar sin, bhog sé isteach sa dara háit i measc na n-earraí onnmhairíochta. Is príomhfhoinsí fostaíochta iad táirgeadh, iompar, próiseáil agus díolacháin i dtíortha sa chrios khat. Faoi láthair, tá saothrú khat ag bogadh isteach go limistéir fáis neamhthraidisiúnta san Aetóip, sa Chéinia, san Afraic Theas, sa tSúdáin agus in Uganda. I gcomparáid le caife, cadás agus cócó, ní léiríodh ach luaineachtaí measartha i bpraghsanna khat, rud a chuireann slí bheatha shlán ar fáil d'fheirmeoirí. Ós rud é go bhfuil khat frithsheasmhach in aghaidh triomaigh agus go bhfuil riachtanais saothair ísle ag baint leis, is rogha tarraingteach é do tháirgeoirí tuathánacha. I dtíortha táirgtha, tá dianiarmhairtí comhshaoil agus imní faoi shlándáil bhia tagtha chun cinn mar thoradh ar dhiansaothrú khat mar bharr margaidh. Le déanaí, moladh cláir chun an t-éileamh ar khat a laghdú ach ní cuireadh iad i ngníomh go forleathan go dtí seo.

Stádas dlí khat i mBallstát an AE agus san Iorua agus figiúirí urghabhála, nuair atá siad ar fáil



Tabhair faoi deara: Ní rialaítear khat san Ungáir ach tá sonraí urghabhála aici mar gheall ar rialú cathinones.
Foinse: Griffiths et al., 2010, *Journal of Ethnopharmacology* (nuashonraithe leis na sonraí infhaighte is déanaí).

Is sraith de bhileoga fáisnéise í ***Drugaí i bhfócas*** atá foilsithe ag An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA), sa Liospóin. Foilsítear na bileoga fáisnéise go rialta sna 23 theanga oifigiúla de chuid an Aontais Eorpaigh chomh maith le hIoruais agus Tuircis. Bunteanga: Béarla. Is ceadmhach aon eolas a atáirgeadh ach an foinse a aithint.

Chun síntiúis saor in aisce a fháil, sonraigh do chuid riachtanas trí rphost: publications@emcdda.europa.eu

Cais do Sodré, 1249-289 An Liospóin/Lisbon, An Phortaingéil/Portugal
Teil. (351) 211210200 • Facs (351) 218131711
info@emcdda.europa.eu • www.emcdda.europa.eu

TD-AD-11-001-GA-C

Conclúidí agus ceisteanna beartais

1. **Níl khat oiriúnach do riachtanais úsáideoirí drugaí samplacha san Eoraip mar gheall ar a thoirt, a éagobhsaíocht maidir le substaintí gníomhacha agus a mhodh riaracháin. Dá bhrí sin, dealraíonn sé go bhfuil teorainn ar an gcumas atá ann chun khat a aistriú go dtí an margadh drugaí mór.**

2. **Dealraíonn sé go bhfuil margaí khat na hEorpa ag dul i méid ach tá foinsí sonraí lag, rud a chuireann in iúl go bhfuil gá ann feabhas a chur ar mhonatóireacht. Chuirfeadh sonraí níos fearr eolas ar fáil don díospóireacht maidir le conas díriú ar shaincheisteanna ar nós gáinneáil trasteorann, agus sheachnófaí cóiriúlú grúpa sóisialta atá leochaileach cheana féin. Chabhródh é seo ár dtuiscint ar conas freagairt d'úsáid drugaí i measc pobal inimirceach a fheabhsú.**

3. **Is pobail inimirceacha san Eoraip is mó a úsáideann khat. Caithfear eolas níos fearr a thabhairt do na pobail seo faoina iarmhairtí féideartha sláinte, sóisialta agus dlíthiúla.**

4. **Is féidir le tomhaltas khat a bheith ina chúis le fadhbanna sláinte agus sóisialta. Caithfidh gairmithe sláinte agus oibrithe sóisialta na hEorpa a bheith in ann sainaithint a dhéanamh ar dhíobhálacha a bhaineann le khat agus straitéisí a bhunú chun grúpaí úsáideora atá leochaileach a chosaint.**

5. **Méadaíodh tábhacht eacnamaíochta khat i dtíortha táirgthe mar gheall, go páirteach, ar an trádáil atá ag méadú go dtí an AE. Tá sé riachtanach go mbíonn comhordú agus feasacht ar thionchar féideartha de chuid bearta rialaithe na hEorpa ag baint le beartais forbartha agus rialaithe drugaí do na tíortha sin.**

6. **Dealraíonn sé go bhfuil líon na n-úsáideoirí khat san Eoraip ag dul i méad cé gur beag an tuiscint atá ar scála agus nádúr na faidhbe. Dá bhrí sin, tá stáidéar taighde ag teastáil chun measúnú a dhéanamh ar an margadh don druga, ar phatrúin úsáide atá ag éabhlóidiú, mar aon le méid aon iarmhairtí socheacnamaíocha agus sláinte.**

Príomhfhonisí

Anderson, D., Beckerleg, S., Hailu, D., Klein, A. (2007), *The Khat Controversy: Stimulating the Debate on Drugs,* **Berg, Oxford.**

Feyissa, A.M., Kelly, J.P. (2008),. 'A review of the neuropharmacological properties of khat', *Progress in Neuro-Pharmacology and Biological Psychiatry* 32, lch. 1147–1166.

Griffiths, P., Lopez, D., Sedefov, R., et al. (2010), 'Khat use and monitoring drug use in Europe: The current situation and issues for the future', *Journal of Ethnopharmacology,* Volume 132, Issue 3, lch. 578–583.

Klein, A. (2008), 'Khat in the Neighbourhood – Local Government Responses to Khat Use in a London Community,' *Substance Use and Misuse,* Volume 43, lch. 819–831.

Pennings, E. J. M., Opperhuizen, A., van Amsterdam, J. G. C. (2008), 'Risk assessment of khat use in the Netherlands. A review based on adverse health effects, prevalence, criminal involvement and public order', *Regulatory Toxicology and Pharmacology* 52, lch. 199–207.

Warfa, N., Klein, A., Bhui, K., Leavey, G., Craig, T., Stansfeld, S. (2007), 'Khat use and mental illness: a critical review', *Social Science and Medicine* 65, lch. 309–318.

Eolas Gréasáin

Oifig Ghnóthaí Baile na Breataine (2005), Comhairle Chomhairleach um Mí-Úsáid Drugaí
http://www.homeoffice.gov.uk/publications/drugs/acmd1/khat-report-2005/

Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa (2009), leathanach gréasáin chomhdhála
http://www.esf.org/activities/esf-conferences/details/2009/confdetail274.html?conf=274&year=2009

UNDP, IPC-IG (2007), 'Ar chóir khat a thoirmeasc? An Tionchar Forbartha' [Should Khat be banned? The Developmental Impact].
http://www.ipc-undp.org/pub/IPCOnePager40.pdf

An Banc Domhanda (2007), 'I dtreo Laghdaithe Éilimh ar QAT' [Towards Qat Demand Reduction]
http://www-wds.worldbank.org/external/default/WDSContentServer/WDSP/IB/2007/06/26/000090341_20070626112355/Rendered/PDF/397380YE.pdf

EDS (2006), Coiste Saineolaithe ar Andúil i nDrugaí
http://www.who.int/medicines/areas/quality_safety/4.4KhatCritReview.pdf

Oifig na bhFoilseachán

FOILSITHEOIR OIFIGIÚIL: Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach
© An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, 2011
STIÚRTHÓIR: Wolfgang Götz
ÚDAIR: Michael Odenwald, Axel Klein, Nasir Warfa
EAGARTHÓIR: Marie-Christine Ashby
COINCHEAPADH GRAFACH: Dutton Merryfield Ltd, An Ríocht Aontaithe
Printed in Luxembourg